# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DE CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach grúpa ar leith* de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as **ceann ar bith** de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag dul do gach topaic.

- Tá na fótagraif a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar Thopaicí 8 agus 10 a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ina theannta seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Cérbh iad na príomhargóintí a d'úsáid na Corcyraigh chun a áiteamh ar na hAithnigh glacadh leo mar chomhghuaillithe in 433 R.C.? (40)

(b) Cén sórt comhaontais a rinne na hAithnigh leis na Corcyraigh? (10)

(ii) " … agus maidir leis na pianta a bhí ar dhaoine aonair, bhí an chuma orthu go raibh said beagnach thar chumas an nádúir dhaonna iad a fhulaingt." (Tuicididéas, *Stair Chogadh na Peilpinéise*)

(a) Tabhair cuntas ar an léan a d'fhulaing muintir na hAithne le linn Phlá na bliana 430 R.C. (25)

(b) Taispeáin conas a léiríodh na gnéithe is fearr i roinnt Aithneach agus na gnéithe is measa i roinnt eile de bharr na Plá. (20)

(c) Conas a bhí Tuicididéas cáilithe go maith ar bhealach ar leith chun scríobh faoin bPlá? (5)

(iii) (a) Déan cur síos ar conas a bhuaigh Brasidas ar na hAithnigh faoi cheannas Cléón ag Amphipolis in 422 B.C. (30)

(b) Déan comparáid idir ceannasaíocht Brasidas agus ceannasaíocht Cléón ag Amphipolis. (20)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an Réabhlóid Olagarcach in 411 R.C. (35)

(b) Cén tuairim atá agat maidir le hiompraíocht Alcaibiaidéas an uair sin? (15)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Ta caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) De réir Plútarc ina *Bheatha Alastair,* cén t-oideachas a chuir Pilib ar fail dá mhac, Alastar? (25)

(b) Cén fhianaise ar féidir leat a aimsiú sna téacsanna dualgais go raibh Alastar go mór faoi thionchar ag *Iliad* Hóiméair agus ag a laoch Aichill? (25)

(ii) In 327 R.C., ba é Alastar ba chúis le bás Callisthenes.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí a raibh bás Callisthenes mar thoradh orthu. (35)

(b) Cad é do thuairim maidir le hiompraíocht Alastair í leith Callisthenes? (15)

(iii) Ag Cath Gaugamela in 331 B.C., fuair saighdiúirí an bua ar na Peirsigh faoi cheannas Dáiriais.

(a) Déan cur síos ar ullmhúcháin an **dá** thaobh don chath. (10)

(b) Tabhair cuntas ar an gcath. (25)

(c) Déan trácht ar na beartaíochtaí a d'úsáid Dáirias agus Alastar. (15)

(iv) An aontófá go bhfuil dearcadh bog ag Plútarc agus ag Arrian araon maidir le lochtanna Alastair agus maidir leis na mí-úsáidí a bhain sé as a chumhacht? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Ón ábhar dualgais atá léite agat, cén tuairim atá cumtha agat maidir le saol na mban sa Phoblacht Dhéanach Rómhánach? (50)

(ii) "Agus fadbhreathnaitheacht shuntasach aige, chonaic Romulus agus thuig sé nár cheart do chathracha a bunaíodh le saol fada agus ardréim a bheith acu a bheith suite ar an bhfarraige." (Cicéaro, B*untáistí Nádúrtha na Róimhe*)

(a) Cad iad na cúiseanna a thugann Cicéaro mar thaca leis an dearcadh sin? (25)

(b) De réir Cicéaro, cad iad na buntáistí eile atá ag suíomh na Róimhe? (15)

(c) An aontaíonn tú le dearcadh Cicéaro i leith cathracha atá tógtha ar an bhfarraige? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iii) In 62 B.C., tháinig Poimpéas ar ais ón Oirthear go caithréimeach. Mar sin féin is é a deir Plútarc faoi: "…b'fhearr dó dá dtiocfadh deireadh lena shaol ag an bpointe sin." (*Beatha Poimpéais*)

(a) Dar leatsa, an dtacaíonn imeachtaí bheatha Poimpéais i ndiaidh 62 R.C. le ráiteas Plútarc? (40)

(b) Cad iad na gnéithe de mheon Poimpéais a chuidigh leis an meath sin? (10)

(iv) "Ach nuair a bhí ár dtír tar éis éirí mór trí shaothar agus trí chleachtadh an chirt . . . ansin thosaigh an Chinniúint ag éirí cruálach agus ag cur ár gcuid gnóthaí uile trí chéile." (Sallustius, *Ardréim agus Meath na Róimhe*)

(a) De réir Sallustius, cérbh iad na tréithe ba chúis le hardréim na Róimhe le linn a luathstaire? (20)

(b) Cad ba chúis leis an meath? (20)

(c) Cén dream a gcuireann Sallustius milleán an mheatha orthu? (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar na hiarrachtaí a rinne Ágastas chun dreach chathair na Róimhe a fheabhsú. (20)

(b) Cad iad na bearta a chuir Ágastas i bhfeidhm chun sábháilteacht shaoránaigh na Róimhe a fheabhsú? (15)

(c) Cad iad na bearta a chuir sé i bhfeidhm chun creideamh a athbheochan sa Róimh? (15)

(ii) Pléigh an tábhacht a bhain leis an nGarda Praetóireach le linn réimeas Tiberius agus Claudius. (50)

(iii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas: -

Marcus Agrippa; Buadaca; Messalina. (50)

(iv) (a) Rianaigh na himeachtaí ba chúis le titim Néaro ag tosú le héirí amach Julius Vindex sa Ghaill. (35)

(b) Cén tuairim atá agat maidir le hiompraíocht Néaro le linn na laethanta beaga deiridh dá shaol? (15)

---

## GRÚPA II: Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) San easaontas idir Proiméitéas agus Séas sa dráma le hAescaileas, *Proiméiteas Faoi Laincis*, tá na déithe buana eile scanraithe ag Séas nó tá siad go láidir ar a shon.

Pléigh an ráiteas sin. (50)

(ii) Taispeáin conas a leagann Arastafainéas béim sa dráma leis *Froganna* ar ról lárnach an fhile i sochaí na hAithne. (50)

(iii) Sa dráma le hEoiripidéas *Méidia*, léirigh conas a úsáideann Méidia a cuid buanna go léir chun dallamullóg a chur agus chun úsáid a bhaint as na carachtair eile. (50)

(iv) Pléigh an Cór sa dráma le Sófaicléas *Eidéapus Rí* faoi na ceannteidil seo a leanas:

(a) dearcadh an Chóir ar Eidéapus (25)

(b) dearcadh an Chóir ar thairngreachtaí agus ar aitheascail. (25)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Cuir carachtar Chú Chulainn sa *Táin* i gcomparáid le carachtar Odaiséais san *Odaisé* le Hóimear **NÓ** le carachtar Aeinéais san *Aeinéid* le Veirgil. (50)

(ii) Pléigh an tábhacht a bhaineann le féile agus le bronntanais a thabhairt i ndomhan an *Odaisé* le Hóimear. Déan tagairt i do fhreagra d’imeachtaí an *Odaisé.* (50)

(iii) I Leabhar 2 den *Aeneid* le Veirgil, tugann Aeinéas fianaise súl ar Thitim na Traí.

Cén tuairim atá agat maidir le hiompraíocht Aeinéais le linn imeachtaí oíche dheireanach na Traí?

Déan tagairt i do fhreagra d’imeachtaí an *Aeinéid*, Leabhar 2. (50)

(iv) (a) Tabhair cuntas achomair ar an tréimhse a chaith Odaiséas i measc na Faeidhicigh (Phaeacians). (35)

(b) Déan trácht ar shlí mhaireachtála na bhFaeidhicigh (Phaeacians). (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) I measc na scríbhneoirí atá ar do chúrsa, cén fhianaise atá ann go dtacaíonn na scríbhneoirí le tuairimí Ágastais? (40)

(b) An dóigh leat gur droch-rud é pátrúnacht a bheith ag scribhneoirí? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) (a) Déan cur síos ar thuras Hórait go Brundisium. (35)

(b) An mbreathnófá ar Hórait mar dhea-chomrádaí taistil? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Tá filíocht Propertius faoi smacht ag an gcreideamh a bhí aige gurb é an grá an rud is tábhachtaí sa saol.

Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do na dánta atá ar do chúrsa. (50)

(iv) Dhíbir Ágastas Oivid go dtí an Mhuir Dhubh in A.D. 8.

(a) Agus é bunaithe ar an dán le hOivid *Ainnise na Deoraíochta*, déan cur síos ar shaol Oivid agus é ar deoraíocht. (30)

(b) Dar leatse, cad é an rud is mó faoi shaol na Róimhe a d'aireodh Oivid uaidh? I do fhreagra, déan tagairt do na dánta atá ar do chúrsa. (20)

---

## GRÚPA III: Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** plean theampall Apalló Epikourious ag Bassae.

(a) Ainmnigh ailtire an teampaill seo. (5)

(b) Cad iad na gnéithe neamhchoitianta a bhaineann leis an teampall seo? (15)

(c) Agus tú ag úsáid téarmaí cearta ailtireachta, déan cur síos ar an mbonnchló seo. (30)

(ii) Déan staidéar ar an vása atá léirithe i **bhFótagraf B** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear. (5)

(b) Cén fheidhm a bhí ag vásaí den chineál sin? (10)

(c) Déan cur síos achomair ar an vása seo. (15)

(d) Conas a thugann potaireacht léargas dúinn ar ghnáthshaol na Gréige? (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** liag Aristion.

(a) Cén fheidhm a bhí ag liaga mar sin? (10)

(b) Cén ré dealbhóireachta sa Ghréig lena mbaineann an liag seo? (5)

(c) Cad iad na gnéithe a bhaineann go tipiciúil leis an ré sin? (25)

(d) Déan trácht ar an mbealach ina léirítear éadaí sa liag seo. (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** an dealbh chré-umha ar a dtugtar Buachaill Maratóin.

(a) Cén ré dealbhóireachta sa Ghréig lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(b) Cad iad na gnéithe den dealbh seo a bhaineann go tipiciúil leis an ré sin? (30)

(c) Scríobh nóta gearr ar conas a rinneadh dealbha cré-umha. (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shocraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) (a) Conas a chuireann Sócraitéas síos ar an tús a bhaineann leis an bpobal céadrata? (25)

(b) Conas a fhorbraíonn pobal céadrata ina "phobal sibhialtachta"? (25)

(ii) An dóigh leat go bhféadfadh stát nua-aimseartha foghlaim ón *bPoblacht* le Platón? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (50)

(iii) Chuaigh Platón go dtí Syracusae ar roinnt ócáidí agus é ag súil le cuid de na hidéanna a bhí aige maidir leis an stát a chur i ngníomh.
Pléigh conas a rinne meonta rialóirí Syracusae, Diníseas I agus a mhac Diníseas Óg, an-deacair é sin a dhéanamh. (50)

(iv) (a) Cad iad na tréithe a bhíonn á lorg ag Platón iontu siúd atá le tabhairt faoin gcúrsa deiridh le bheith ina bhFealsúna-Rialóirí cáilithe? (20)

(b) Tar éis go mbaineann siad amach aois fiche bliain, cad iad na céimeanna oideachais a bhfuil ar an dream atá roghnaithe tabhairt fúthu le bheith ina bhFealsúna-Rialóirí? (30)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag dul do gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean de Caerwent Rómhánach sa Bhreatain Bheag Theas.

(a) Sainaithin na gnéithe atá léirithe ag *aa, b, c, f* agus *g*. (15)

(b) Déan trácht ar ráiteas Wheeler gurbh é príomhfheidhm Caerwent ná ionad a sholáthar le Rómhánú a chur chun cinn. (20)

(c) Déan cur síos ar an bhfóram ag Caerwent. (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** Áirse Thíotais agus léiríonn **Fótagraf G** Áirse Chonstaintín.

(a) I mbaile Rómhánach cá mbeadh áirsí mar sin le fáil de ghnáth? (5)

(b) Cad chuige ar tógadh iad? (5)

(c) Agus úsáid á baint agat as téarmaí cearta ailtireachta, déan cur síos iomlán ar Áirse Thíotais. (25)

(d) Cé acu ceann den dá áirse seo is taitneamhaí leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** busta portráide den Impire Commodus. Léiríonn **Fótagraf I** an tImpire Pilib an tArabach. Déan staidéar ar na fótagraif seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cad a nochtann **Fótagraf H** maidir le meon Commodus? (20)

(b) Cad a nochtann **Fótagraf I** maidir le meon Pilib? (15)

(c) Conas tá na bustaí portráide seo Rómhánach de réir cineáil? (15)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** Aichill agus Odaiséas as pictiúr sa Phoimpé.

(a) Cén imeacht a léirítear anseo? (10)

(b) Déan trácht ar an léiriú atá déanta ar aghaidh Aichill. (15)

(c) Conas a chuir an péintéir gníomhaíocht agus dráma na láithreach in iúl? (15)

(d) Déan trácht ar an gcaoi ar baineadh úsáid as dathanna. (10)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán